



agus Ceardchumainn BOOCBÁC (m.sh. TEEU, INPDU, UCATT agus BATU)

---

# NÓS IMEACHTA GEARÁIN AN BOO

NÓS IMEACHTA CHUN GEARÁIN A PHRÓISEÁIL ARNA DHÉANAMH AG  
TUISMITHEOIRÍ/CAOMHNÓIRÍ

SCOLÁIRE NÓ FOGHLAIMEOIR(Í) FÁSTA ATÁ CLÁRAITHE I SCOIL/IONAD BOO  
FAOI LÁTHAIR,

IN ÉADAN BALL FOIRNE ATÁ FOSTAITHE AG BORD OIDEACHAIS  
AGUS OILIÚNA (BOO)

Leaganacha roimhe seo: N/B	Le hÉifeacht ón: 11/07/2022
Ceadaithe/Luaite ag an mBord 21/11/2022	Dáta an Athbheithnithe: 11/07/2024

# 1. Intreoir

## 1.1

### Comhthéacs

Tá nósanna imeachta riachtanach chun a chinntiú go gcaitear go cothrom le gach duine. Is gá go n-aontófar ar nósanna imeachta, go mbeadh eolas orthu agus go gcloítear leo ar mhaithe le dea-chaidreamh i dtimpeallacht foghlama agus oibre an BOO.

Tugadh isteach an *Cód Cleachtais Náisiúnta chun Déileáil le Gearáin a rinne Tuismitheoir/í, Caomhnóir/í Scoláire nó Scoláire (a bhfuil ocht mbliana déag d'aois slánaithe acu) atá cláraithe i scoil/ionad faoi láthair, in éadan Ball Foirne atá fostaithe ag Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) <Ainmnithe><sup>1</sup> ar 1 Márta 2011. Rinneadh athbhreithniú ar an gCód de réir achtú Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna agus atheisíodh é ar an 1 Iúil 2013.*

### Iarratas

## 1.2

Baineann an Nós Imeachta Gearáin BOO seo le **gach** ball foirne de chuid an BOO. Tagann sé in ionad an Chóid Chleachtais a bhí ann roimhe seo. Úsáidtear é chun geará(i)n a phróiseáil a thaisctear ar, nó ón dáta forfheidhmithe.

I gcás ina bhfuil tús curtha le hábhair faoin leagan 2013 roimhe seo den *Chód Cleachtais*, cinnfidh an BOO lena mbaineann, cé chomh cuí is atá sé bogadh go húsáid an Nós Imeachta Gearáin seo, ag tabhairt d'aire an chéim ag a bhfuil an gearán i mbun próisis. Beidh cinneadh deiridh ag an mBOO maidir leis seo.

I ngach cás ina bhfuil gearán ag Céim Neamhfhoirmiúil agus go bhfuil sé le dul ar aghaidh go dtí an Chéim Fhoirmiúil, ba chóir an nós imeachta seo a úsáid.

Tá *Nóta Treorach do BOO* ar fáil mar acmhainn oibríochta lena úsáid ag BOO.

## 1.3

### Foráil le haghaidh athbhreithnithe

Is ar BOOÉ agus ar pháirtithe ceardchumainn sa nós imeachta seo atá an fhreagracht athbhreithniú a dhéanamh ar an nós imeachta seo.

---

<sup>1</sup> Dá ngairtear an *Cód Cleachtais/Códanseo feasta*

Leaganacha roimhe seo: N/B	Le hÉifeacht ón: 11/07/2022
Ceadaithe/Luaite ag an mBord 21/11/2022	Dáta an Athbhreithnithe: 11/07/2024

## 2. Cuspóir an Nós Imeachta

### 2.1 Cuspóir

I gcomhthéacs na n-oibleagáidí atá beartaithe ar scoileanna *Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí* a bheith acu, soláthraíonn an nós imeachta seo cur chuige caighdeánach lena n-úsáid ag BOO maidir le gearáin a dhéanann tuismitheoirí/caomhnóirí scoláirí nó foghlaimeoirí-fásta atá cláraithe faoi láthair i scoil/ionad BOO in éadan ball foirne BOO a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham.

Leagann an nós imeachta seo béim ar réiteach gearán a luaithe agus is féidir trí mhodhanna neamhfhoirmiúla, gan dul i muinín na gcéimeanna níos foirmiúla den nós imeachta. I gcás go dtagann gearán chun cinn, moltar do na páirtithe atá i gceist a ndícheall a dhéanamh seasamh an pháirtí eile a thuiscint agus ba chóir dóibh, a mhéid is féidir, réiteach atá inghlactha go frithpháirteach a lorg, trí mhodhanna neamhfhoirmiúla.

### 2.2 Sainmhíniú agus Scóip

#### *Sainmhíniú ar ghearán sa nós imeachta seo*

Is éard is gearán ann ná, clamhsán a dhéanann tuismitheoir(i)/caomhnóir(i) de scoláire/d'fhoghlaimeoir(i) fásta atá cláraithe i scoil/ionad BOO faoi láthair, faoi bhall foirne BOO a bhaineann le hobair an bhail foirne i dtimpeallacht foghlama/oibre BOO nó i ngníomhaíochtaí ceadaithe bainteach leis an obair.

#### *Scóip*

Tá sé mar aidhm ag an nós imeachta seo cur chuige sofhreagrach, cóir, trédhearcach agus seasmhach a sholáthar maidir le gearáin a phróiseáil agus é sin a dhéanamh ar bhealach a thugann cearta iomlána do gach duine lena mbaineann, de réir an cheartais aiceanta.

### 2.3 Eisiaimh ar Ghearáin:

- a mheastar a bheith baoh, cráiteach nó mailíseach
- a bheadh cuí do chód cleachtas / nós imeachta eile
- nach mbaineann le hobair bhall foirne an BOO i dtimpeallacht foghlama/ oibre an BOO nó i ngníomhaíochtaí ceadaithe bainteach leis an obair
- ina líomhnaíodh mí-úsáid leanaí, a ndéileáiltear leo faoi threoirínte agus nósanna imeachta ar leith eisithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna
- atá faoi réir imeachtaí dlí
- atá gan ainm
- i gcás inar déileáladh leis an ngearán céanna roimhe seo faoin nós imeachta seo agus gur réitíodh nó go ndearnadh breithniú air.

2.4 Cuirfidh an PF nó a (h)ainmní an gearánach ar an eolas más féidir an gearán a phróiseáil laistigh de théarmaí an nós imeachta seo agus mura féidir, na cúiseanna leis an gcinneadh seo.

Leaganacha roimhe seo: N/B	Le hÉifeacht ón: 11/07/2022
Ceadaithe/Luaite ag an mBord 21/11/2022	Dáta an Athbheithnithe: 11/07/2024

### 3 PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

- 3.1 Paraiméadair an nós imeachta:** Tá sé i gceist leis an nós imeachta gearáin a réiteach gan dul i muinín an phróisis dlí. In imthosca ina ndéantar imeachtaí dlí a agairt, cuirtear deireadh le forálacha an nós imeachta seo.
- 3.2 Duine i bhfochair/Ionadaí:** Aithnítear an ceart duine i bhfochair/ionadaíocht a bheith ann, faoi mar a fhoráiltear ag céimeanna éagsúla an nós imeachta.
- 3.3 Tiomantas:** Láimhseálfar na gearáin gan mhoill agus i gcomhréir le prionsabail an cheartais aiceanta agus an nós imeachta cóir, ag tabhairt urraim chuí do chearta an ghearánaigh agus an bhaill foirne araon.
- 3.4 Tréimhsí Ama:**
- Déanfar gach iarracht cloí leis na teorainneacha ama a fhorordaítear sa nós imeachta.
  - Déanfaidh an bhainistíocht gach iarracht an gearán a éascú agus dul i ngleic leis trí chruinnithe a sceidealú.
  - Ní oibreoidh an nós imeachta le linn tréimhsí saoire ceadaithe, mura rud é go gcomhaontóidh na páirtithe sa ghearán é.
  - I gcomhthéacs scoile, tuigtear go n-áirítear "laethanta oibre" mar laethanta ar a bhfuil an scoil ar oscailt do theagasc scoláirí/foghlaimoirí.
  - Féadfar na teorainneacha ama sa Nós Imeachta Foirmiúil a shíneadh trí chomhaontú frithpháirteach na bpáirtithe lena mbaineann, nó ag an duine/na daoine a cheapfar chun an gearán a bhainistiú/a imscrúdú, ar choinníoll go bhfuil na forais chun na teorainneacha ama a shíneadh réasúnta. Is leis an BOO atá an cinneadh deiridh maidir leis na teorainneacha ama a leasú.
- 3.5 Cumarsáid:** Le linn an nós imeachta seo, ní mór gach cumarsáid idir an ball foirne, tuismitheoir/caomhnóir/foghlaimoir fásta agus duine/daoine eile a bhaineann le próiseáil an ghearáin seo, a reáchtáil in atmaisféar atá socair, sollúnta agus le meon a léiríonn meas ar dhearcadh ceachtar páirtí sa nós imeachta seo.
- 3.6 Rúndacht:** Táthar ag súil go gcoinneoidh gach duine atá páirteach sa nós imeachta gearáin rúndacht le linn an phróisis.
- 3.7 Riarachán:**
- Sa chás go ndéantar gearáin ó bhéal nó i scríbhinn, déanfar iad a roinnt agus/nó a chóipeáil chuig an mball foirne a ndéantar an gearán ina choinne.

Leaganacha roimhe seo: N/B	Le hÉifeacht ón: 11/07/2022
Ceadaithe/Luaite ag an mBord 21/11/2022	Dáta an Athbheithnithe: 11/07/2024

- **"Foláireamh" faoi chruinnithe/éisteachtaí atá beartaithe faoin nós imeachta seo:** Áirítear foláireamh ón gcéad lá oibre eile díreach tar éis an dáta a eisítear an foláireamh.
- Déanfar gach gearán a fhaightear a thairneadh i gcomhad gearáin. Sa chás go dtarraingítear siar an gearán, déanfar nóta ina leith sin a iontráil sa chomhad.
- Féadfar geará(i)n a tharraingt siar ag céim ar bith sa nós imeachta.
- **Coinneáil taifid:** Déileálfar le doiciméid i leith an ghearáin mar cháipéisíocht rúnda agus coinnithe de réir Bheartas Cosanta Sonraí BOO, sceideal coinneála agus ceanglais reachtúla.

## 4 IDIRGHABHÁIL

Más cuí agus faoi réir chomhaontú na bpáirtithe sa chlamhsán é, ní chuirtear an idirghabháil as an áireamh mar mheicníocht chun gearáin a réiteach ag céimeanna neamhfhoirmiúla nó foirmiúla. Níos tábhachtaí fós, ní mór d'aon fhaisnéis a nochtar le linn idirghabhála fanacht laistigh den phróiseas idirghabhála. Ní ceadmhach é a nochtadh agus ní féidir é a úsáid chun gearán a chur chun cinn tríd an nós imeachta seo nó trí phróiseas ar bith eile agus ní mór go bhfanfadh sé faoi rún sa phróiseas idirghabhála.

Mura n-éiríonn leis an idirghabháil, féadfar an nós imeachta a agairt arís ag an gcéim chéanna agus gan dochar do na páirtithe a bheith i mbun próiseas idirghabhála.

Tá tuilleadh eolais faoi idirghabháil le fáil ó **Rannóg Seirbhísí Corparáideacha an BOO** nó ó cheardchumann foirne. Soláthraíonn an *Nóta Treorach do BOO* ráiteas toraidh eiseamláireach don idirghabháil<sup>2</sup>.

## 5. AN NÓS IMEACHTA

### NEAMHFHOIRMIÚIL

Moltar do pháirtithe a ngearán a dhéanamh go neamhfhoirmiúil ar an gcéad dul síos. Ba chóir gearáin, bíodh siad ó bhéal nó i scríbhinn, a phróiseáil go neamhfhoirmiúil trí chéimeanna 1, 2 agus nuair is gá; céim 3.

Ní mór cumarsáid idir na páirtithe sa ghearán a reáchtáil in atmaisféar atá socair, sollúnta agus le meon a léiríonn meas ar dhearcadh ceachtar páirtí sa nós imeachta seo. Samhlaítear go réiteofar formhór mór na ngearán chun sástacht na bpáirtithe sa ghearán gan dul i muinín céimeanna forásacha sa nós imeachta.

<sup>2</sup> Nóta Treorach do BOO - Teimpléad A

Leaganacha roimhe seo: N/B	Le hÉifeacht ón: 11/07/2022
Ceadaithe/Luaite ag an mBord 21/11/2022	Dáta an Athbheithithe: 11/07/2024

## **Céim Neamhfhoirmiúil 1 – Teagmháil leis an mBall Foirne BOO**

- 1.1 Ba cheart do thuismitheoir/caomhnóir/foghlaimoír fásta ar mian leis gearán a dhéanamh, coinne a shocrú chun an t-ábhar a phlé leis an mball foirne lena mbaineann d'fhonn an gearán a réiteach. Níl aon cheanglas ann gearán a chur isteach i scríbhinn.
- 1.2 Moltar do na páirtithe lena mbaineann a ndícheall a dhéanamh seasamh an pháirtí eile a thuiscint agus ba chóir dóibh, a mhéid is féidir, réiteach atá inghlactha go frithpháirteach a lorg, trí mhodhanna neamhfhoirmiúla.
- 1.3 De ghnáth d'fhéadfadh cara nó duine nach bhfuil baint aige leis an ngearán a bheith in éineacht le thuismitheoir/caomhnóir/foghlaimoír aosach. De ghnáth d'fhéadfadh comhghleacaí a bheith in éineacht le ball foirne ag cruinniú/cruinnithe a thionóltar faoin gcéim seo den nós imeachta.
- 1.4 Sa chomhthéacs seo, d'fhéadfadh go mbeadh gá le níos mó ná cruinniú amháin chun réiteach a bhaint amach ar an ábhar.
- 1.5 I gcúinsí nach féidir leis na páirtithe teacht ar réiteach rathúil ar an ábhar, tar éis teagmháil dhíreach a bheith eatarthu cheana féin, tá sé de cheart ag an ngearánach an gearán a tharchur, taobh istigh de dheich lá oibre, go céim 2. Is é an Príomhoide/Leas-Phríomhoide an bainisteoir líne ag céim 2 i gcomhthéacs scoile. I gcomhthéacs lárionaid/oifige is gnách go mbíonn an duine seo ina Bhainisteoir Aonaid/Rannóige nó ina Bhainisteoir Cúnta.
- 1.6 Ba chóir cóip den nós imeachta a chur ar fáil don thuismitheoir/caomhnóir/foghlaimoír fásta a luaithe agus is féidir.

## **Céim Neamhfhoirmiúil 2 - Cruinniú/Cruinnithe Éascaithe ag leibhéal na scoile/an lárionaid/an rannáin**

- 2.1 Buailfidh an bainisteoir líne leis na páirtithe sa ghearán. Go hidéalach, ba chóir go dtarlódh an cruinniú taobh istigh den chéad deich lá oibre eile.
- 2.2 De ghnáth d'fhéadfadh cara nó duine nach bhfuil baint aige leis an ngearán a bheith in éineacht le thuismitheoir/caomhnóir/foghlaimoír fásta. De ghnáth d'fhéadfadh ionadaí ceardchumann nó comhghleacaí a bheith in éineacht le ball foirne ag cruinniú/cruinnithe a thionóltar faoin gcéim seo den nós imeachta.
- 2.3 Féadfaidh an bainisteoir líne cruinniú nó roinnt cruinnithe a thionól ar leithligh agus/nó i gcomhpháirt leis na páirtithe sa ghearán chun réiteach ar an ábhar a éascú. Is leis an mbainisteoir líne atá an rogha maidir le stiúradh na céime seo.

Leaganacha roimhe seo: N/B	Le hÉifeacht ón: 11/07/2022
Ceadaithe/Luaite ag an mBord 21/11/2022	Dáta an Athbhreithnithe: 11/07/2024

- 2.4 I ngach cás ina n-ardaítear gearán, moltar do pháirtithe a ndícheall a dhéanamh an t-ábhar a réiteach go rathúil.
- 2.5 Féadfar idirghabháil a mheas freisin mar rogha do na páirtithe agus iad ag iarraidh an t-ábhar a réiteach go rathúil.
- 2.6 Nuair a chinneann an bainisteoir líne go bhfuil an t-ábhar tagtha chun conclúide nó nach bhfuil aon scóip eile le réiteach, cuirfidh sé/sí an toradh in iúl<sup>3</sup> don dá pháirtí i ráiteas.
- 2.7 I gcúinsí nach féidir leis na páirtithe teacht ar réiteach rathúil nó idirghafa ar an ábhar, tar éis teagmháil dhíreach a bheith eatarthu cheana féin, tá sé de cheart ag an ngearánach an gearán a tharchur, go céim 3, taobh istigh de dheich lá oibre ar a mhéid. Molfaidh an bainisteoir líne cé dó ar cheart an atreorú a dhéanamh sa BOO.

### **Céim Neamhfhoirmiúil 3 - Cruinniú/cruinnithe éascaithe le comhalta d'Ardbhainistíocht an BOO**

- 3.1 Má tá an gearán fós gan réiteach, ba cheart don ghearánach an t-ábhar a ardú leis an Stiúrtóir ábhartha **sa BOO**. Socróidh ball d'fhoireann ardbhainistíochta an BOO, cruinniú éascaithe taobh istigh de chúig lá oibre déag eile leis na páirtithe sa ghearán d'fhonn **an gearán a réiteach**. Is féidir cruinniú/cruinnithe a dhéanamh ar leithligh nó i dteannta a chéile. Is leis an éascaitheoir atá an rogha maidir le stiúradh na céime seo den phróiseas éascaithe.
- 3.2 I gcás ina ndéanfar gearán i gcoinne Príomhoide, Bainisteoir Ionaid nó Ceann Rannáin/Rannóige i gcomhthéacs oifige, beidh na páirtithe sa ghearán agus/nó daoine eile páirteach sa chruinniú éascaithe de réir mar a mheasann an t-éascaitheoir atá riachtanach chun an gearán a réiteach. Is féidir cruinniú/cruinnithe a dhéanamh ar leithligh nó i dteannta a chéile. Is leis an éascaitheoir atá an rogha maidir le stiúradh na céime seo.
- 3.3 De ghnáth d'fhéadfadh cara nó duine nach bhfuil baint aige leis an ngearán a bheith in éineacht le tuismitheoir/caomhnóir/foghlaiméoir fásta. De ghnáth d'fhéadfadh ionadaí ceardchumann nó comhghleacaí a bheith in éineacht le ball foirne ag cruinniú/cruinnithe a thionóltar faoin gcéim seo den nós imeachta.

---

<sup>3</sup>Nóta Treorach do BOO – Teimpléad B - Ráiteas Toraidh ar Chruinniú/Chruinnithe Éascaithe ag Céim 2 ag leibhéal na scoile/an lárionaid/an rannáin

Leaganacha roimhe seo: N/B	Le hÉifeacht ón: 11/07/2022
Ceadaithe/Luaite ag an mBord 21/11/2022	Dáta an Athbhreithnithe: 11/07/2024

**3.5** I gcás ina dtagann an t-éascú ar réiteach comhaontaithe, iarrtar ar na páirtithe ráiteas a shíniú á rá go bhfuil an t-ábhar tugtha chun críche le comhaontú na bpáirtithe lena mbaineann<sup>4</sup>. Cuirfear cóip ar fáil don dá pháirtí sa ghearán.

3.5 I gcás nach mbeidh réiteach comhaontaithe mar thoradh ar an éascú, iarrtar ar na páirtithe ráiteas a shíniú á rá nach réitítear<sup>5</sup> an t-ábhar. Cuirfear cóip ar fáil don dá pháirtí sa ghearán. Tá rogha ag an ngearánaí an t-ábhar a bhogadh ar aghaidh go foirmiúil go céim 4.

3.6 I gcás ina mbogann an t-ábhar go dtí céim fhoirmiúil 4, ullmhóidh an t-éascaitheoir ráiteas toraidh an éascaithe ina sonraítear na saincheisteanna a ardaíodh ag céim 3 agus beidh sé inghlactha, mar aon le haon cháipéisíocht ón gcéim/na céimeanna roimhe seo.

## FOIRMIÚIL

### Céim 4 - Imscrúdú Foirmiúil ar an ngearán ag foireann imscrúdaithe neamhspleách

4.1 Chun céim 4 a chur i ngníomh, ní mór don ghearánach a mbunghearán a chur isteach i scríbhinn taobh istigh de dheich lá oibre ar a mhéad ó eisiúint thoradh chéim 3.5.

4.2 Ba chóir go n-admhódh an BOO go foirmiúil go bhfuarthas an gearán i scríbhinn.

4.3 Ba chóir cóip den ghearán a sholáthar don pháirtí/páirtithe eile sa ghearán ag tabhairt le fios go bhfuil imscrúdú á thionól ag an BOO agus go gcuirfear tuilleadh sonraí in iúl maidir le dáta, am, ionad srl. an chruinnithe/na gcruinnithe imscrúdaithe.

4.4 Déanfaidh an fostóir foireann imscrúdaithe a thionól, <sup>6</sup> ina mbeidh beirt imscrúdaitheoirí a tharraingítear ón bpainéal<sup>7</sup> a comhaontaíodh go náisiúnta, chomh maith le rúnaí taifeadta neamhchlaonta a tharraingeofar as laistigh nó lasmuigh den earnáil, chun imscrúdú oifigiúil a dhéanamh ar an ngearán.

4.5 Déanfaidh an fhoireann imscrúdaithe an t-imscrúdú a stiúradh de réir na dtéarmaí tagartha sonraithe (tagraíonn aguisín B anseo).

4.6 Deimhnítear duine i bhfochair/ionadaíocht sna téarmaí tagartha (tagraíonn aguisín B anseo).

<sup>4</sup> Nóta Treorach do BOO – Teimpléad C1 - Ráiteas Toraidh ar Chéim 3 nuair a thángthas ar réiteach

<sup>5</sup> Nóta Treorach do BOO – Teimpléad C2 - Ráiteas Toraidh ar Chéim 3 nuair nach dtagtar ar réiteach

<sup>6</sup>Socróidh

**an Rannóg um Sheirbhísí Corparáideacha sa BOO na socrúithe praiticiúla uile maidir le stiúradh an imscrúdaithe a ndéantar tagairt dó anseo laistigh ag céim 4**

<sup>7</sup> Féach Nóta Treorach do BOO - Teimpléad D

Leaganacha roimhe seo: N/B	Le hÉifeacht ón: 11/07/2022
Ceadaithe/Luaite ag an mBord 21/11/2022	Dáta an Athbheithnithe: 11/07/2024



4.7 Tar éis an t-imscrúdú a thabhairt chun conclúide, cuirfidh an fhoireann imscrúdaithe tuarascáil scríofa ar fáil laistigh de dheich lá oibre do Stiúrthóir atá ainmnithe ag an bPríomhfheidhmeannach (PF).

4.8 Nuair a fhaightear é, tabharfaidh an Stiúrthóir cóip den tuarascáil do na páirtithe sa ghearán.

4.9 Déanfaidh an Stiúrthóir a ainmneofar amhlaidh, taobh istigh de chúig lá oibre déag tar éis an tuarascáil a eisiúint do na páirtithe, athbhreithniú ar an tuarascáil a thug an fhoireann imscrúdaithe agus déanfaidh sé an méid seo a leanas:

4.9.1 Maidir leis an mBall Foirne:

- Déan cinneadh an gá bualadh leis an mball foirne lena mbaineann.
- Déan cinneadh ar phlean gníomhaíochta bunaithe ar thuarascáil na n-imscrúdaitheoirí. D'fhéadfadh roghanna éagsúla a bheith san áireamh i ngníomh den sórt sin m.sh. roghanna aisiríochta/tacúla/eile. D'fhéadfadh sé a bheith san áireamh freisin cinneadh a dhéanamh an dtionscnófar an nós imeachta araíonachta ábhartha don bhall foirne lena mbaineann.
- Tabhair comhairle, i scríbhinn, ar aon mholtaí atá le cur i bhfeidhm ag an BOO chun cabhrú le hathbhunú caidreamh idir na páirtithe.

4.9.2 Maidir leis an nGearánach:

- Déan cinneadh an gá bualadh leis an bpáirtí gearánaigh lena mbaineann.
- Tabhair comhairle, i scríbhinn, ar aon mholtaí atá le cur i bhfeidhm ag an BOO chun cabhrú le réiteach an ábhair.
- Sa chás go gcinntear go bhfuil gearán a dhéanann scoláire nó foghlaimoír/í fásta in éadan ball foirne baoth, cráiteach nó mailíseach, déanfar an t-ábhar a phróiseáil tríd an gCód Iompair.

4.10 Beidh cinneadh deiridh ag an Stiúrthóir maidir leis an nós imeachta seo.

4.11 Cuireann sé seo críoch leis an *Nós Imeachta Gearáin an BOO*.

Leaganacha roimhe seo: N/B	Le hÉifeacht ón: 11/07/2022
Ceadaithe/Luaite ag an mBord 21/11/2022	Dáta an Athbhreithnithe: 11/07/2024

## 5. COSAINT AGUS TACAÍOCHT

Tá an BOO tiomanta do thimpeallacht shláintiúil oibre agus foghlama a sholáthar ina scoileanna, coláistí, lárionaid agus oifigí. Ní ghlacfar le híospairt aon pháirtí le linn gearán a phróiseáil.

Leaganacha roimhe seo: N/B	Le hÉifeacht ón: 11/07/2022
Ceadaithe/Luaithe ag an mBord 21/11/2022	Dáta an Athbheithnithe: 11/07/2024

## AGUISÍN 1 Faisnéis maidir leis an bpainéal náisiúnta imscrúdaitheoirí atá ar fáil chun imscrúduithe foirmiúla a dhéanamh faoi Chéim 4 den Nós Imeachta

### Eolas Ginearálta:

Bunaítear painéal náisiúnta ar a mbeidh ainmnithe formheasta ó bhainistíocht agus ó cheardchumann san earnáil BOO, arna thacú ag Fóram Comhairleach an BOOÉ/na gCeardchumann ina chumas gníomhú mar imscrúdaitheoirí neamhspleácha chun críche imscrúduithe ag Céim 4.

Rud atá tábhachtach ná, nach ról abhcóideachta é ról an imscrúdaitheora ach ról imscrúduithe neamhspleách beag beann ar an gcomhlacht a ainmníonn iad.

Tá an BOO freagrach as coiste imscrúduithe a bhunú a tharraingítear ón bpainéal.

**Coimhlint Leasa:** Níl aon fhoráil ann don ghearánach (is é sin, tuismitheoir/caomhnóir/foghlaimeoir[i] fásta) ná don bhall foirne atá páirteach i ngearán atá beartaithe le haghaidh imscrúduithe ag Céim 4 Fhoirmiúil, diúltú d'ainmní atá molta ó phainéal nó ón dá phainéal (Painéal A nó B) ach amháin sa chás an-eisceachtúil ina bhfuil an duine a tharraingítear ó phainéal gaolta leis an ngearánach nó le ball foirne an ghearáin, nó cara pearsanta leis an ngearánach nó leis an mball foirne lena mbaineann. I gcúinsí den sórt sin, tá freagracht ar an ngearánach nó ar an mball foirne na leasanna sin a nochtadh trí theagmháil a dhéanamh le **Rannóg Seirbhísí Corparáideacha an BOO** ar an nguthán/ríomhphost/i scríbhinn roimh aon imscrúdú a thosú, chun roghnú an fhostóra BOO ar imscrúdaitheoir malartach a éascú, chun imscrúdú Céim 4 Fhoirmiúil a dhéanamh.

## AGUISÍN 2 Téarmaí Tagartha maidir le himscrúdú a stiúradh ag Céim Fhoirmiúil 4

### Scóip an Imscrúduithe

Déantar an gearán seo faoi Nós Imeachta Gearáin an BOO (*Nós Imeachta chun gearáin a phróiseáil a dhéanann tuismitheoirí/caomhnóirí scoldaire nó foghlaimeoir(i) fásta atá cláraithe i scoil/ionad BOO faoi láthair, in éadan ball foirne atá fostaithe ag Bord Oideachais agus Oilúna (BOO).*)

Clúdóidh an t-imscrúdú neamhspleách a dhéanfaidh <ainm na n-imscrúdaitheoirí> an gearán sonrach faoi <chineál gearáin>a rinne <ainm an Ghearánaigh/na nGearánach> i gcoinne <ainm(neacha) bha(i)ll foirne an BOO>.

Leaganacha roimhe seo: N/B	Le hÉifeacht ón: 11/07/2022
Ceadaithe/Luaite ag an mBord 21/11/2022	Dáta an Athbhreithnithe: 11/07/2024

Is gníomh bailithe faisnéise é an t-imscrúdú chun na fíricí a fháil amach.

## Nós Imeachta an Imscrúdaithe

### Ginearálta

1. Cloífidh an t-imscrúdú i gcónaí le prionsabail an cheartais aiceanta agus an phróisis chóir.
2. Le linn an imscrúdaithe, ceanglaítear ar gach páirtí meas a léiriú ar phríobháideachas gach duine eile atá i gceist agus caitheamh le gach gné a bhaineann leis le rúndacht iomlán. Cinnteoidh na himscrúdaitheoirí rúndacht an imscrúdaithe do gach páirtí sa mhéid is indéanta, chun an t-imscrúdú a stiúradh go cuí agus cothrom ach amháin i gcás ina gceanglaítear ar na himscrúdaitheoirí aon fhaisnéis a nochtadh de bhun ordú ón gCúirt nó fhoráil na reachtaíochta um Chosaint Sonraí.
3. Ar thús an imscrúdaithe, is iad na himscrúdaitheoirí amháin a bheidh i gceannas ar an bpróiseas agus beidh siad ina n-eadránaithe deiridh ar aon ábhair nóis imeachta a ardófar leo. Le linn an imscrúdaithe, coinneoidh na himscrúdaitheoirí teagmháil le hionadaí ainmnithe laistigh den BOO agus féadfaidh siad faisnéis ábhartha agus/nó cúnaimh a lorg ón duine sin i gcomhréir le héilimh an imscrúdaithe. Don imscrúdú seo is é an t-idirghabhálaí ná *< cuir isteach ainm baill d'fhoireann na Seirbhísí Corparáideacha >*.
4. Féadfaidh na himscrúdaitheoirí aon fhaisnéis a lorg nó aon saincheist a ardú leis na páirtithe, a mheasann na himscrúdaitheoirí a bheith ábhartha le himscrúdú an ghearáin.
5. **Duine i bhfochair/Ionadaí:** Aithnítear an ceart duine i bhfochair/ionadaíocht a bheith ann ag an gcéim seo den nós imeachta seo.
  - De ghnáth d'fhéadfadh cara nó duine nach bhfuil baint aige leis an ngearán a bheith in éineacht le tuismitheoir/caomhnóir/foghlaiméoir fásta.
  - De ghnáth d'fhéadfadh comhghleacaí a bheith in éineacht le ball foirne ag cruinniú/cruinnithe a thionóltar faoin nós imeachta seo.
  - Ba cheart imscrúdaitheoirí a chur ar an eolas faoi ainmneacha aon duine/daoine atá i bhfochair/ag déanamh ionadaíochta ar an mball foirne nó ar an ngearánach **trí lá roimh an gcéad chruinniú/na chéad chruinnithe imscrúdaithe**.
6. Ní chuirfidh diúltú nó mainneachtain comhoibriú leis an imscrúdú ó pháirtí ar bith cosc ar na himscrúdaitheoirí tuarascáil a eisiúint bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil.

Leaganacha roimhe seo: N/B	Le hÉifeacht ón: 11/07/2022
Ceadaithe/Luaite ag an mBord 21/11/2022	Dáta an Athbhreithnithe: 11/07/2024

## Próiseas Imscrúdaithe

7. Soláthróidh an gearánach ráiteas i scríbhinn faoin ngearán agus aon cháipéisíocht tacaíochta ar mhaith leo brath orthu chun tacú lena gcás.
8. Tabharfar an cháipéisíocht seo don bhall foirne agus cuirfear in iúl dóibh (trí litir mhínte) an dáta faoina cheart a bhfreagra scríofa a chur ar aghaidh chuig na himscrúdaitheoirí.
9. Le linn an imscrúdaithe, buailfidh na himscrúdaitheoirí leis an ngearánach, leis an bhfreagróir, leis na finnéithe a ainmneoidh na páirtithe agus, a mhéid is indéanta, duine/daoine ábhartha breise eile a bhféadfadh na himscrúdaitheoirí a mheas a bheith úsáideach chun an t-imscrúdú a phróiseáil. Féadfaidh an fhoireann imscrúdaithe cinneadh a dhéanamh cruinniú/cruinnithe a thionól le níos mó ná páirtí amháin i láthair.
10. Déanfaidh rúnaí taifeadta neamhchlaonta, a tharraingeofar ón mBOO nó arna choimisiúnú/ar conradh ag an mBOO, taifead de na cruinnithe go léir de réir mar is cuí leis.
11. Ar chríochnú na n-agallamh go léir, cuirfear cóip de mhiontuairiscí na n-agallamh go léir a dhéantar (agallaimh le finnéithe san áireamh) ar fáil do gach páirtí sa ghearán.
12. De réir mar is cuí chun fíricí na líomhna a chinneadh, d'fhéadfadh go mbeadh ar an imscrúdaitheoir agallamh a chur ar dhaoine eile a ainmníodh i ráitis a ndearnadh tagairt dóibh le linn cruinnithe imscrúdaithe nó go deimhin agallamh a athdhéanamh le haon duine a cuireadh faoi agallamh roimhe seo (le linn cruinniú/cruinnithe imscrúdaithe) d'fhonn a chinneadh an bhfuil cás le freagairt.
13. Má mheasann an t-imscrúdaitheoir/na himscrúdaitheoirí gur cuí é, buail leis an ngearánach maidir le hábhair a thagann chun cinn as a dteastaíonn tuilleadh soiléirithe.
14. Má mheasann an t-imscrúdaitheoir/na himscrúdaitheoirí gur cuí é, buail leis an bhfreagróir maidir le hábhair a thagann chun cinn as a dteastaíonn tuilleadh soiléirithe.
15. Más rud é, le linn an imscrúdaithe, go gcuirtear ábhair bhreise a bhaineann leis an mbunghearán os comhair an imscrúdaitheora, ba cheart don imscrúdaitheoir foláireamh a thabhairt do na páirtithe sa ghearán faoi fhaisnéis nó fianaise ar bith den sórt sin agus deis a thabhairt do na páirtithe sa ghearán freagra a thabhairt. Ní fhéadfar aon ghearán nua a chur isteach faoin imscrúdú seo.
16. Tá sé ríthábhachtach miontuairiscí cruinne a ghlacadh ag gach agallamh imscrúdaithe a dhéantar le linn an imscrúdaithe.

Leaganacha roimhe seo: N/B	Le hÉifeacht ón: 11/07/2022
Ceadaithe/Luaite ag an mBord 21/11/2022	Dáta an Athbheithnithe: 11/07/2024

17. Dún an t-imscrúdú.
18. Déanfaidh an fhoireann imscrúdaithe a cheapfar amhlaidh dréacht-tuarascáil a ullmhú. Tabharfar deis do na páirtithe sa ghearán leasuithe sonracha a mholadh (i scríbhinn) maidir le hábhair chruinnis nó fíoras don dréacht-tuarascáil imscrúdaithe. Déanfaidh an t-imscrúdaitheoir cinneadh ar thréimhsí ama inar cheart aighneachtaí den sórt sin a sholáthar.
19. Ní chuirfear san áireamh ach cáipéisíocht agus ráitis a bailíodh le linn an imscrúdaithe a bhaineann leis an ngearán.
20. Tar éis breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí scríofa (má sholáthraítear iad), déanfaidh an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú agus soláthróidh siad réasúnaíocht maidir le glacadh nó diúltú na míreanna a ardaíodh in aighneacht bheartaithe.
21. Is faoin bhfoireann imscrúdaithe atá an cinneadh glacadh le/diúltú míreanna den sórt sin in aighneacht ó cheachtar páirtí sa ghearán.
22. **Tuarascáil imscrúdaithe deiridh a ullmhú.** Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a áireamh i dtuarascálacha imscrúdaithe, ach gan a bheith teoranta di, de réir mar is cuí do na cúinsí sonracha:
- Cóip den bhunghearán
  - Freagra scríofa an bhaill foirne ar an ngearán
  - Cáipéisíocht a bhaineann le céimeanna roimhe seo sa nós imeachta (m.sh. ráitis toraidh srl.)
  - Fianaise a bailíodh / ráitis ábhartha eile
  - Ráitis finnéithe deiridh (más bainteach), agus i gcás nár cuireadh agallamh ar fhinnéithe nó nár leanadh le leideanna a sholáthraíonn na páirtithe, tabhair míniú ar an bhfáth.
  - An réasúnaíocht maidir le glacadh nó diúltú na míreanna a ardaíodh in aighneachtaí ar an dréacht-tuarascáil.
  - Eolas ábhartha eile.
  - Na **fíricí** arna gcinneadh ag na himscrúdaitheoirí iad le linn an imscrúdaithe. **Tabhair do d'aire: Féadfaidh** sé foráil a dhéanamh do mholtaí, ach féadfaidh an BOO glacadh nó diúltú le haon mholtaí den sórt sin, mura bhfuil siad oiriúnach chun an gearán a réiteach.
23. Cuireann sé seo críoch leis an imscrúdú.
24. Beidh Stiúrthóir BOO nó ball foirne arna ainmniú ag an bPF freagrach as cóip den tuarascáil imscrúdaithe deiridh a thabhairt do na páirtithe sa ghearán.

Leaganacha roimhe seo: N/B	Le hÉifeacht ón: 11/07/2022
Ceadaithe/Luaite ag an mBord 21/11/2022	Dáta an Athbhreithnithe: 11/07/2024